

**Scrúdú samplach iontrála don
Dioplóma Iarchéime san
Aistriúchán agus san Eagarthóireacht
(Ar Líne)**



**Ollscoil
Mhá Nuad**
Ollscoil na hÉireann
Má Nuad

Freagair gach ceist.

Agus an scrúdú seo á cheartú tabharfar comhstádas do cheartfhoirmeacha atá aitheanta sna foinsí tagartha údarásacha CO 1958, CO 2016, Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí agus Foclóir Gaeilge-Béarla Uí Dhónaill, agus do ghnásanna áirithe a bhfuil glacadh leo ag institiúidí ina bhfuil an Ghaeilge á saothrú ag ardleibhéal. Thar aon ní eile, beifear ag súil le hiarrthóirí a bheith leanúnach i dtaca leis na foirmeacha a roghnóidh siad.

Scríobh d'ainm anseo, le do thoil:

Ceist 1 (30 marc)

Scríobh aiste nó alt 500-600 focal ar an ábhar seo a leanas:

I ré seo na teicneolaíochta, cuirtear an iomarca béime ar scileanna teanga sa chóras oideachais.

Tábhachtach: Cuimhnigh gur fútsa atá sé aiste nó alt a scríobh a thabharfaidh léargas ar an gcumas teanga atá agat. Bronnfar marcanna de réir na ngnéithe seo a leanas:

- *Ionramháil an ábhair*
- *Stór focal agus saibhreas Gaeilge*
- *Cumas comhréire*
- *Cruinneas Gaeilge*
- *Ceartúsáid na teanga*

Ceist 2 (30 marc)

Cuir Gaeilge ar gach ceann de na habairtí thíos.

1. In addressing the problem, the authorities will explore every avenue open to them.

2. The Board expects a difficult year as a result of reduced expenditure.

3. The main role of my Department is to support and advise me as Taoiseach in carrying out the various duties of my office.

4. Working conditions have scarcely improved since the publication of our last report.

5. He found radio a much more satisfying medium than television.

6. Only the children who have a note from their parents will be permitted to participate in games during the break at midday every day.

7. He is burnt out from stress and needs a break from the rat race.

8. There are jobs for people with the right qualifications.

9. I don't remember how many times he told me the same story but by the end of the evening, I was tired of listening to him.

10. We're short on time so I'll cut to the chase.

Ceist 4 (20 marc)

Léigh an sliocht thíos. Athraigh, más gá, na focail idir lúibíní i gcomhthéacs na bhfocal atá thart timpeall orthu, agus faoi '1. – 10.' thíos, scríobh an fhoirm cheart den fhocal/de na focail.

Bhí clú ar Éirinn riamh ó thaobh **[na healaíona¹]** de agus is liosta le háireamh na ceoltóirí agus na scríbhneoirí a bhfuil clú idirnáisiúnta bainte amach acu. Is é an trua nach mbíonn clú mar an gcéanna orthu siúd a chuaigh i mbun an taighde **[eolaíoch²]** in ollscoileanna sa tír seo agus i dtíortha thar lear. Is ar éigean a bheadh an gnáthdhuine in ann cúigear **[údair Éireannacha³]** a ainmniú a bhíonn ag scríobh ar chúrsaí eolaíochta.

Admhaím go raibh mise chomh haineolach céanna, go dtí le déanaí. Ba é an Béarla mo rogha **[ábhar⁴]** agus mé ar scoil. Níor thaitin an múinteoir eolaíochta liom agus ní raibh an tsaotharlann scoile thar mholadh beirte. An **[de⁵]** bharr sin nár chuir mé spéis sna heolaíochtaí? B'fhéidir go raibh mé ag smaoineamh ar an ollscoil cheana féin. Is maith a bhí a fhios agam nárbh fhiú dom bheith ag iarraidh **[céim⁶]** a bhaint amach i gceann ar bith de na heolaíochtaí.

Chuir mé seirbhís **[taisteal⁷]** ar bun i ndiaidh dom an ollscoil a fhágáil. Is le lucht gnó is mó a bhínn ag plé ach rinne mé na socruithe taistil le haghaidh roinnt comhdhálacha acadúla chomh maith. Tháinig cuid de na heolaithe **[is⁸]** iomráití san am go dtí na comhdhálacha sin agus níor aithin mé ar chor ar bith iad. Is anois, agus mé ar **[pinsean⁹]**, atá deis staidéir agam. Is breá liom na húdair sin atá in ann coincheapa casta a mhíniú go simplí. Bíonn stíl **[saothraithe¹⁰]** i gcuid de na leabhair nach dtaitníonn liom ar chor ar bith.

1. _____
2. _____
3. _____
4. _____
5. _____
6. _____
7. _____
8. _____
9. _____
10. _____